Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 10 Meán Fómhair 2026 (OR. fr)**

**13009/26**

**PECHE 338**

## NÓTA CLÚDAIGH

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 10 Meán Fómhair 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2026) 465 final |
| Ábhar: | Moladh le haghaidh<br>CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE<br>lena n-údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht maidir le Comhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe, agus Prótacal Cur Chun Feidhme a ghabhfaidh leis, idir an tAontas agus Poblacht Mhadagascar |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 465 final.

---

Faoi iamh: COM(2026) 465 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 10.9.2026
COM(2026) 465 final

Moladh le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

**lena n-údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht maidir le Comhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe, agus Prótacal Cur Chun Feidhme a ghabhfaidh leis, idir an tAontas agus Poblacht Mhadagascar**

{SWD(2026) 272 final} - {SWD(2026) 273 final}

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Forais agus cuspóirí an togra

Molann an Coimisiún Comhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe (CCII) nua agus prótacal lena gcuirtear chun feidhme é a chaibidliú le Poblacht Mhadagascar, i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013[1] maidir leis an gComhbheartas Iascaigh (CBI), chun riachtanais chabhlach an Aontais a chomhlíonadh agus chun rannchuidiú le cuspóirí CBI a bhaint amach.

### • Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana

Comhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe (CCII) idir an tAontas Eorpach agus Madagascar agus an Prótacal Cur Chun Feidhme a ghabhann leis[2], a síníodh an 30 Meitheamh 2023 agus a bhfuil feidhm aige ón 1 Iúil 2023, rachaidh siad in éag an 30 Meitheamh 2027. Faoi láthair, socraítear leis an bPrótacal na deiseanna iascaireachta a dheonaítear do chabhlach an Aontais agus an ranníocaíocht airgeadais chomhfhreagrach a íocann an tAontas le Madagascar de mhéid EUR 1 800 000, lena n-áirítear EUR 1 100 000 le haghaidh tacaíocht earnála, chomh maith leis na ranníocaíochtaí ó oibreoirí soithí.

Údaraítear rochtain shoithí an Aontais ar limistéar iascaireachta Mhadagascar chun tuinníní agus speicis mhórimirceacha a iascach, rud is díol spéise do cheithre Bhallstát (an Spáinn, an Fhrainc, an Iodáil agus an Phortaingéil). Tá líonra de Chomhaontuithe Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe (CCIInna) déthaobhacha ag an Aontas Eorpach atá gníomhach san Afraic Thiar agus Láir agus i réigiún an Aigéin Indiaigh. I réigiún an Aigéin Indiaigh, tá CCIInna gníomhacha ag an gcabhlach tuinníní le hOileán Mhuirís agus le Poblacht na Séiséal.

Cuidíonn CCIInna le cuspóirí CBI a chur chun cinn go hidirnáisiúnta, trína áirithiú go bhfuil gníomhaíochtaí iascaireachta an Aontais lasmuigh d'uiscí an Aontais bunaithe ar na prionsabail agus na caighdeáin chéanna is infheidhme faoi dhlí an Aontais. Ina theannta sin, neartaíonn CCIInna seasamh an Aontais in eagraíochtaí iascaireachta idirnáisiúnta agus réigiúnacha, go háirithe sa Choimisiún um Thuinníní an Aigéin Indiaigh (IOTC), an comhlacht chun speicis mhórimirceacha a chaomhnú agus a bhainistiú sa réigiún, agus i gComhaontú Iascaigh an Aigéin Indiaigh Theas (SIOFA). Ar deireadh, tá CCIInna bunaithe ar an gcomhairle eolaíoch is fearr atá ar fáil agus cuidíonn siad le comhlíonadh níos fearr na mbeart idirnáisiúnta, lena n-áirítear an comhrac in aghaidh na hiascaireachta neamhdhleathaí, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte (NNN).

### • Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais

Tá an chaibidlíocht maidir le CCII agus prótacal le Madagascar i gcomhréir le gníomhaíocht sheachtrach an Aontais i leith Stáit ACC (an Afraic, Muir Chairib agus an tAigéan Ciúin), agus go háirithe le cuspóirí an Aontais i dtaca le prionsabail dhaonlathacha agus prionsabail maidir le cearta an duine a urramú.

---

[1] Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1954/2003 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2371/2002 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 639/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2004/585/CE ón gComhairle (IO L 354, 28.12.2013, lch. 22).

[2] An Comhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe atá ann faoi láthair, IO L 182, 19.7.2023, lgh. 25–81

Le CCIInna, comhlánaítear ionstraimí eile de chuid an Aontais, lena n-áirítear an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt gus Comhar Idirnáisiúnta (ICFCI), chun acmhainneachtaí náisiúnta agus réigiúnacha maidir le bainistíocht iascaigh a neartú, agus bíonn siad ag brath ar dheiseanna atá ann cheana amhail an oiliúint a thairgeann an Ghníomhaireacht Eorpach um Rialú ar Iascach (EFCA).

Áirithítear cur chun cinn na hoibre cuibhiúla leis an gcaibidlíocht lena bhfuil coinne maidir le clásal sóisialta i gcomhréir le is an gCoinbhinsiún (Uimh. 188) maidir le hObair san Iascaireacht, 2007, de chuid na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair le haghaidh oibrithe ón tír chomhpháirtíochta a mhealltar le bheith fostaithe ag soithí de chuid an Aontais.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí substainteach**

Is é Airteagal 43(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) an bunús dlí substainteach maidir leis an gComhbheartas Iascaigh.

- **Bunús dlí don nós imeachta**

Le hAirteagal 218(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), i gcás nach mbaineann an comhaontú atá beartaithe go heisiach ná go príomha leis an gcomhbheartas eachtrach agus slándála, foráiltear go gcuirfidh an Coimisiún moltaí faoi bhráid na Comhairle. Glacfaidh an Chomhairle cinneadh lena n-údarófar tús a chur leis an gcaibidlíocht agus lena n-ainmneofar idirbheartaí an Aontais nó ceannaire fhoireann caibidlíochta an Aontais.

Foráiltear le hAirteagal 218(4) CFAE go bhféadfaidh an Chomhairle treoracha caibidlíochta a dhíriú chuig an idirbheartaí agus coiste speisialta a ainmniú chun dul i gcomhairle leis an idirbheartaí.

Molann an Coimisiún tús a chur leis an gcaibidlíocht idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Mhadagascar le haghaidh Comhaontú Comhpháirtíochta Idirnáisiúnta Iascaigh Inbhuanaithe agus Prótacal Cur Chun Feidhme a ghabhfaidh leis. Ainmneofar an Coimisiún mar idirbheartaí.

Is é Airteagal 218(3) agus (4) CFAE bunús dlí an togra le haghaidh cinneadh lena n-údarófar tús a chur leis an gcaibidlíocht maidir leis an gcomhaontú atá beartaithe.

- **Rogha an idirbheartaí**

Ós rud é nach gcumhdaítear leis an gcomhaontú atá beartaithe ach ábhair seachas an comhbheartas eachtrach agus slándála, is iomchuí an Coimisiún a ainmniú mar idirbheartaí i gcomhréir le hAirteagal 218(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

- **Inniúlacht an Aontais**

Baineann an t-ábhar a chumhdaítear leis an Moladh leis an gComhbheartas Iascaigh, ina bhfeidhmíonn an tAontas inniúlacht eisiach.

- **Comhréireacht**

Tá an cinneadh atá beartaithe comhréireach leis an gcuspóir creat rialachais dlíthiúil, comhshaoil, eacnamaíoch agus sóisialta a bhunú le haghaidh gníomhaíochtaí iascaireachta a dhéanann soithí de chuid an Aontais in uiscí tríú tír, i gcomhréir le hAirteagal 31 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 lena mbunaítear an Comhbheartas Iascaigh.

- **An rogha ionstraime**

Cuirtear an moladh seo le haghaidh cinneadh ón gComhairle isteach i gcomhréir le hAirteagal 218(3) agus (4) CFAE, lena mbeartaítear go nglacfaidh an Chomhairle cinneadh lena n-údarófar tús a chur leis an gcaibidlíocht agus lena n-ainmneofar idirbheartaí an Aontais. Féadfaidh an Chomhairle treoracha caibidlíochta a dhíriú chuig an idirbheartaí freisin. Níl aon ionstraim dlí eile ann a d'fhéadfaí a úsáid chun an cuspóir a chuirtear in iúl sa mholadh sin a bhaint amach.

## 3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ *EX POST*, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí *ex post*/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

In 2026, rinne an Coimisiún meastóireacht *ex post* ar an bprótacal atá ann faoi láthair a ghabhann leis an CCII le Madagascar agus rinne sé meastóireacht *ex ante* ar chomhaontú nua agus ar phrótacal nua a d'fhéadfadh a bheith ann. Tá an tuarascáil ar an meastóireacht sin ar fáil go poiblí[3].

Ba é conclúid na meastóireachta go bhfuil suim mhór ag earnáil iascaireachta tuinníní an Aontais i gcomhaontú lena rialaítear na gníomhaíochtaí iascaireachta i Madagascar. Cuirtear i dtábhacht sa tuarascáil mheastóireachta freisin go bhfuil neamhréireacht fós idir an líon deiseanna iascaireachta a thairgtear agus úsáid na ndeiseanna sin. Le haon phrótacal a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo, ba cheart an líon deiseanna iascaireachta a thairgtear a laghdú, rud ba cheart a bheith ina chúis le laghdú ar an ranníocaíocht airgeadais faoin bPrótacal. Ina theannta sin, le hathnuachan an Phrótacail chuideofaí le faireachán, rialú agus faireachas a neartú agus le rialachas an iascaigh a fheabhsú sa réigiún. Léirítear sa mheastóireacht go rachadh athnuachan an Phrótacail chun tairbhe do Mhadagascar freisin i bhfianaise mhéid na ranníocaíochta airgeadais arna híoc faoin bPrótacal ar mhaithe le forbairt earnáil an iascaigh.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Chuathas i gcomhairle leis na Ballstáit, le hionadaithe tionscail, le heagraíochtaí idirnáisiúnta na sochaí sibhialta agus le lucht riaracháin iascaigh agus le hionadaithe na sochaí sibhialta ón Aontas agus ó Mhadagascar mar chuid den mheastóireacht. Eagraíodh comhairliúcháin freisin i gcomhthéacs na Comhairle Comhairlí um an Iascaireacht Fadraoin.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

I gcomhthéacs na meastóireachtaí a rinneadh, chuathas i gcomhairle le saineolaithe neamhspleácha sa réimse.

---

[3] Ard-Stiúrthóireacht na nGnóthaí Muirí agus na hIascaireachta, POSEIDON agus Fisheries Maritime Affairs, Partenariat de pêche durable UE-Madagascar – Évaluations de l'accord de partenariat de pêche durable (APPD) 2023-2027 et d'un possible futur APPD [Comhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus Madagascar – Meastóireacht ar an gComhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe (CCII) 2023-2027 agus ar CCII a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh , 2026, https://data.europa.eu/doi/10.2771/4471552

- **Measúnú tionchair**

Neamhbhainteach.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Neamhbhainteach.

- **Cearta bunúsacha**

Na treoracha caibidlíochta a leagtar amach san iarscríbhinn a ghabhann leis an togra le haghaidh cinnidh, moltar iontu clásal a áireamh maidir le hiarmhairtí sáruithe ar chearta an duine agus ar phrionsabail dhaonlathacha.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Eascróidh impleachtaí buiséadacha Prótacail nua as ranníocaíocht airgeadais a íoc le Madagascar. Is gá na leithdháiltí buiséadacha gaolmhara (leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí) a chur san áireamh gach bliain sa líne bhuiséid le haghaidh CCIInna (08 05 01) agus is gá iad a bheith comhoiriúnach le clárú airgeadais an Chreata Airgeadais Ilbhliantúil[4] le haghaidh 2021-2027, agus ansin le haghaidh 2028-2034. Bunaítear méideanna bliantúla na leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí mar chuid den nós imeachta buiséadach bliantúil, lena n-áirítear an líne chúltaca le haghaidh prótacail nach raibh tagtha i bhfeidhm ag tús na bliana[5].

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Ní mór go tosóidh an chaibidlíocht sa cheathrú ráithe de 2026 agus é d'aidhm aici teorainn a chur leis an tréimhse idir dhá CCII, tar éis an dul in éag an 30 Meitheamh 2027.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Molann an Coimisiún:

- go n-údaróidh an Chomhairle dó tús a chur leis an gcaibidlíocht agus an chaibidlíocht a dhéanamh d'fhonn Comhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe nua le Madagascar agus Prótacal Cur Chun Feidhme a thabhairt i gcrích.

---

4 Airteagal 20 de Chomhaontú Idirinstitiúideach an 16 Nollaig 2020 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir leis an smacht buiséadach, le comhar in ábhair bhuiséadacha agus le bainistíocht fhónta airgeadais, agus maidir le hacmhainní dílse nua, lena n-áirítear treochlár i dtreo acmhainní dílse nua a thabhairt isteach (IO L 433I, 22.12.2020, lch. 28) eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/PDF/?uri=OJ:L:2020:433I:FULL.

5 Féach Airteagal 20 den Chomhaontú Idirinstitiúideach an 16 Nollaig 2020 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir leis an smacht buiséadach, le comhar in ábhair bhuiséadacha agus le bainistíocht fhónta airgeadais, agus maidir le hacmhainní dílse nua, lena n-áirítear treochlár i dtreo acmhainní dílse nua a thabhairt isteach (IO L 433I, 22.12.2020, lch. 28). http://data.europa.eu/eli/agree_interinstit/2020/1222/oj

Moladh le haghaidh

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**lena n-údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht maidir le Comhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe, agus Prótacal Cur Chun Feidhme a ghabhfaidh leis, idir an tAontas agus Poblacht Mhadagascar**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 43(2), i gcomhar le hAirteagal 218(3) agus (4), de,

Ag féachaint don mholadh ón gCoimisiún Eorpach,

De bhí gur cheart tús a chur leis an gcaibidlíocht maidir le Comhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe nua, agus Prótacal Cur Chun Feidhme a ghabhfaidh leis, a thabhairt i gcrích idir an tAontas agus Poblacht Mhadagascar,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Údaraítear leis seo tús a chur leis an gcaibidlíocht maidir le Comhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe, agus Prótacal Cur Chun Feidhme a ghabhfaidh leis, idir an tAontas agus Poblacht Mhadagascar.

*Airteagal 2*

Leis seo, déantar an Coimisiún a ainmniú mar idirbheartaí an Aontais.

*Airteagal 3*

Leis seo, dírítear na treoracha caibidlíochta a leagtar amach san iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo chuig an gCoimisiún.

*Airteagal 4*

Seolfar an chaibidlíocht i gcomhairle leis an Meitheal um an mBeartas Iascaigh ón gComhairle, a ainmnítear leis seo mar choiste speisialta dá bhforáiltear in Airteagal 218(4) CFAE.

*Airteagal 5*

Is chuig an gCoimisiún a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*